Má bhíonn ceist agat.....

Seo polasaí clárúcháin glactha ag Bord Bainistíochta na Scoile ar an 5 ú lá Aibreáin 2006. Tá sé teaghtha amach de réir na hAchta Oideachais 1998. Tá siad ag an mBord go gcuidonn sé le tuismitheoirí agus iad ag cláru páistí

Más suim leat teagmháil a dhéanamh linn maidir le aon ghné de seo is feidir caint leis an bPríomhoide, Daithí de Paor, ag uimhir na scoile nó le Seán Breathnach, Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na Scoile , Monmahogue, Trá Mhór.

Sa phictiúir tá radharc ar Bhá na Trá Móire le Caolán de Paor, Rang 6.



Gaelscoil

Gaelscoil Philib Barún

Cruabhaile Uachtarach,
An Trá Mhór,
Co. Phort Láirge.

Phone: 051 381329
Fax: 051 330566
Email: pilibbarun@oceanfree.net

Gaelscoil Philib Barún

Polasaí Clárúcháin

Ag cur Gaeilge chun cinn

www.pilibbarun.com

Fón: 051 381329

Is scoil náisiúnta mheasctha lánghaelach í Gaelscoil Philib Barún, 'sé sin is í Gaeilge an teanga teagaisc do bhuachaillí agus cailíní.

Is scoil chaitliceach í faoi phátrún Easpag Phort Láirge agus Lios Mór.

Bunaíodh an scoil i 1985 le 29 dalta agus faoi láthair tá 215 ar rollaí ó rang naoináin shóisir go rang a sé, le ochtar oide ranga, oide tacaíocht foghlamtha agus príomhoide riaracháin. Fostaítear rúnaí agus foireann ghlantóireachta chomh maith.

Tá an scoil ar oscailt do 183 lá in aghaidh na bliana le tagairt don scoilbhliain chaighdeánaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Foilsítear an scoilbhliain caighdeanaithe gach bliain ach taobh istigh de sin tá rogha ag an mBord Bainistíochta faoi mhéid áirithe laethanta solúbtha.

Braitheann an scoil ar deontais agus acmhainní foirne ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus feidhmníonn sí de réir rialacha agus forálacha na Roinne. Riartar an scoil dá réir.

Leanann an scoil cláracha curaclaim mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus mar a bhféadfar leasú ó ham go chéile, de réir alt 9 agus 30 den Acht Oideachais (1998)

I gcomhthéasc rialacha agus cláir na Roinne, cearta an phátrúin mar atá leagtha amach san Acht Oideachais (1998), agus maoiniú agus acmhainní ar fail, tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo leanas:

- Cuimsitheacht, go háirithe ag tagairt do chlárú páistí le míchumas nó riachtanais oideachais ar leith eile;
- Saorchead comhionann agus rannpháirteachta sa scoil
- Rogha tuimitheorireachta i leith clárúcháin; agus
- Meas do éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin,teangacha agus nósanna beatha sa sochaí.

Nósanna Imeachta le haghaidh clárú

Iarrtar ar thuismitheoirí ar mian leo a bpáistí a chlárú i nGaelscoil Philib Barún foirm chlárúcháin (ar fáil ón oifig) líonta ,mar aon le teastas breithe / uchtaithe a sheoladh ar ais go dtí an scoil Mí Feabhra na bliana a dteastaíonn uathu go dtosnóidh a bpáiste.

Cuirfear ainmneacha na bpáistí a bhfaightear foirmeacha clárúcháin agus teastais bhreithe / uchtaithe dóibh ar liosta iarrthóirí cláraithe .

Tá saorchead comhionann i gceist nuair a dhéantar cinneadh áit a bhronnadh sa scoil. Ní dhiúltaítear d'aon pháiste de bharr cine, riachtanais speisialta oideachais, míchumas, teanga / canúint, gnéas, bheith mar bhall den lucht siúil, bheith mar theifeach, ar bhonn creidimh / polaitíochta nó ar bhonn cúinsí baile nó sóisialta.

Cé go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in aon scoil, tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Philib Barún freagrach as cearta phobal na scoile a chosaint, na páistí atá cláraithe cheana féin go háirithe. Chun a leithéid a bhaint amach is gá cinneadh cothrom a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail cheartais aiceanta agus iad ag feidhmiú ar son leasa gach páiste. D'fhéadfadh an Bord Bainistíochta uasmhéid ranga i ngach seomra ranga a shocrú chun cúinsí dá leithéid a chur i bhfeidhm, bunaithe ar:

- Toise / spás atá ar fáil i seomraí ranga;
- Riachtanais oideachais a bheadh ag páistí ag aois áirithe;
- Ranganna leis an iliomad grád;
- Páistí ann le riachtanais speisialta oideachais / iompair;
- Moltaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le huasmhéid ranga (faoi láthair ag uasmhéid 28 ar an meán).

Sa chás go sáraíonn an líon dalta, atá ag lorg áite in aon rang amháin, an méid spáis atá ar fáil, roimh nó le linn scoilbhliain áirithe (toisc nach bhfuil sé d'acmhainn ag an mBord Bainistíochta cóiríocht bhreise a chur ar fáil nó earcaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann a bheadh ag teastáil) cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm chun tosaíocht a thabhairt do pháistí áirithe clárú sa scoil :

1. Deartháireacha agus Deirfiúracha (leas-dheartháireacha agus leas-dheirfiúracha san áireamh atá ina gcónaí ag an seoladh céanna) na bpáistí atá cláraithe cheana féin – tosaíocht don duine is sine.
2. Páistí na foirne reatha – tosaíocht don duine is sine.
3. Páistí iardhaltaí na scoile, -tosaíocht don duine is sine.
4. Páistí gurbh í an ghaeilge a gcéad teanga -tosaíocht don duine is sine.
5. Páistí a fhreastal ar naíonra -tosaíocht don duine is sine.
6. Páistí gurbh í Gaeilge ceann de na teangacha teag hlaigh, tosaíocht don duine is sine.
7. Tabharfar tosaíocht do na páistí is sine ar an liosta iarrthóirí

Sa chás nach féidir páistí ó 1,2 go 7 a chlárú i rang sa scoil ag tús na bliana (san ord sin 1,2,3,), gheobhaidh na páistí sin tosaíocht don bhliain dár gcionn ar an liosta feithimh ranga más mian leo

Déantar clárú ar dhaltaí eile i rith na scoilbhliana (má bhogann siad isteach sa cheantar)

Déantar clárú ar dhaltaí ar mian leo aistriú ó scoileanna eile faoi réir Rialacha do Scoileanna Náisiúnta mar aon le polasaí clárúcháin na scoile agus aontais áitiúla le scoileanna eile

Is gá iarratas do pháiste ó rang 1 ar aghaidh dul faoi bhráid an bhoird sular dtabharfaí cinneadh air le éifeacht an claraithe ar pholasaí teangan na scoile a mheas.

Reáchtáiltear lá oscailte bliantúil i Mí Bealtaine do thuismitheoirí nua.

Cuirfear acmhainní ar fáil do pháistí le riachtanais speisialta mar is féidir, leis an méid acmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Ainneoin go mbeadh acmhainní den sórt seo ar fáil sa scoil, cuirtear comhairle ar thuismitheoir nach bhfuil sásta leis na hacmhainní seo, a bpáiste a chur chuig scoil speisialta a dhéanann freastal go sainiúil ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais.

Éilítear ar gach páiste a chláraítear inár scoil comhoibriú agus tacú leis an gcóras smachta a chuireann an Bord Bainistíochta i bhfeidhm mar aon le polasaithe eile faoin gcuraclam, faoi riarachán agus faoi bhainistíocht. Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil tuismitheoirí / coimirceoirí freagrach as a chinntiú go ndéanann a bpáistí comhoibriú leis na polasaithe thuasluaite go sásúil ag brath ar a n-aois. De réir Rialacha do Scoileanna Náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais, féadfar páiste a chur ar fionraí.

Is féidir cur leis na polasaithe seo agus iad a leasú ó am go chéile